Imbhuailtí spórtúla

Coincheap—Aistriú fuinnimh

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Eolaíochta – Fuinneamh agus Forsaí

Turgnamh

Beidh gá agat le:
- Cispheil
- Liathróid phlaisteach níos lú ná sin nó liathróid leadóige

1. Ardaigh an chispheil go dtí timpeall airde do ghualainne.
2. Samhlaigh scála 1 - 10 agus an talamh ag a 1 agus do ghualainn ag a 10, anois lig don chispheil titim agus tabhair faoi deara cé chomh hard ar do scála is a phreabann sé thar n-ais.
3. Déan an rud céanna leis an liathróid níos lú.
4. Ní bheidh dóthain fuinnimh sa chispheil teacht thar n-ais go hairde do ghualainne (10 ar an scála): mar sin ní foláir nó gur chaill an chispheil roinnt fuinnimh. Cá ndeachaigh sé?
5. Dún do shúile agus lig don liathróid titim arís - agus do shúile dúnta conas a thuigeann tú cathain a bhuaileann an liathróid an talamh?
6. Cuir bosa do lámh go cothrom ar an talamh agus iarr ar dhuine éigin eile ligean don chispheil titim cóngarach duit, an mbraitheann tú aon ní nuair a thiteann an chispheil?
7. Ó 5 agus 6 thuas ba chóir go mbeifeá tar éis 2 áit a ndeachaigh fuinneamh na cispheile a fháil amach - an féidir leat cuimhneamh ar aon cheann eile?
8. Triail ligean don chispheil titim agus an liathróid is lú ná í cothrom ar a barr (caithfidh tú breith ar an liathróid is lú díobh go ligean tú dóibh titim). NB. Déan é seo lasmuigh nó i spás oscailte.
9. An uair seo preabann an liathróid is lú suas go hard san aer - cá bhfuair sí an fuinneamh chun preabadh chomh hard sin?

Ní féidir fuinneamh a scrios riamh. Sa turgnamh seo aistrítear é idir an dá liathróid nó aistrítear é i bhfoirmeacha éagsúla, ar nós fuaime, teasa nó ina fhuinneamh tonnchreathach.